



An Sú

Bhí **sceitimíní áthais** ar na páistí nuair a thug an máistir go dtí an sú iad. Nuair a thuirling siad den bhus isteach leo go léir tríd an **ngeata casta**. Thug siad aghaidh ar **Theach na Moncaithe** ar dtús. Chonaic siad moncaithe agus **babúin** istigh i gcásanna. Thug Gearóid banana do mhoncaí amháin. Bhain seisean an **craiceann** de agus d'ith sé é. Chaith Liam píosa aráin isteach i gcás amháin ach chaith an moncaí ar ais chuige é. Thaitin **Teach na bPéisteanna** go mór leo. Bhí **natharacha** ón Ind agus ón Afraic le feiceáil ann.

Istigh i gcás gloine a bhí siad agus ní dheachaigh éinne cóngarach dóibh. Mheas Liam go mba mhaith an rud nach raibh natharacha sa tír seo. Bhí an **crogall** ina chodladh go sámh in **uisceadán** agus níor theastaigh ó éinne é a dhúiseacht. Chonaic siad an **dobhar-each** ina luí sa láib. Go tobann d'éirigh sé agus **nocht sé** fiacla móra. **Baineadh geit as** na páistí óga agus lig siad béic astu.

Bhí an **séabra**, an **sioraf**, agus an **ostrais** i gclós amháin. Ainmhithe cosúil leis an asal is ea an séabra ach amháin go bhfuil **striocaí dubha** agus bána air. Is é an sioraf an t-ainmhithe is airde sa domhan. Is féidir leis an ostrais rith níos tapúla ná capall ráis.

Bhí éin de gach cineál le feiceáil san **éanlann**. In áit eile chonaic na páistí na **lasairéin**. Éan **maorga** is ea an lasairéan a bhfuil muineál fada agus cosa fada aici. Bhí siad ina seasamh ar **bhruach an locháin** ag lorg iasc.

Bhí balla ard thart ar an gclós ina raibh an **béar bán**. Cheap na páistí go raibh **cuma fíochmhar** air agus choimeád siad siar ón mballa. Chonaic siad **rón** amháin istigh sa lochán ag snámh. Bhí rón eile **ághrianú** féin ar bhruach an locháin. Nuair a chonaic Liam an **camall** dúirt sé nach bhféadfadh éinne marcaíocht air. Cheap sé go mbeadh sé mí-chompordach leis an **gcrúit**. Thug freastalaí cead do Thomás dul in airde ar **dhroim na heilifinte** ar feadh tamaill.

Sular fhág siad an sú thug siad aghaidh ar **Chúinne na bPeataí**. Chonaic siad **tithe na gcoiníní** agus cró na muc freisin. Bhí **gabhair**, **mionnán**, **caoirigh** agus **sicíní** le feiceáil ann freisin. Bhí brón orthu go léir ag filleadh ar an mbus.

Abairtí le “bain”:

1. **Baineadh** geit as na páistí.
2. **Bhain** sé an áit amach i ndeireadh na dála.
3. Ní raibh aon **bhaint aige leis** an gnó.
4. **Bhain** mé triail as an gcleas sin.
5. **Baineann sé le dealramh** go bhfuil sé breoite.
6. **Bhain** sé na barraí.

A. Foclóir

geata casta, turnstile	crogall, crocodile	rón, seal
natharacha, snakes	lasairéan, flamingo	mionnán, kid goat

B. Scríobh amach an freagra ceart:

1. Cad a chonaic na páistí i dTeach na Moncaithe?
 - natharacha ón Ind agus ón Afraic.
 - moncaithe agus babúin istigh i gcásanna.
 - gabhair agus crogail.
2. Cá raibh an dochar-each?
 - ina sheasamh ar bhord.
 - ina shuí ar chathaoir mhór.
 - ina luí sa láib.
3. Cá raibh na lasairéin le feiceáil?
 - san éanlann.
 - ar na crainn.
 - ar bhruach an locháin.

C. Críochnaigh na habairtí seo a leanas:

1. Bhí na natharacha istigh i --.
2. Go tobann d'éirigh an dochar-each agus nocht sé --.
3. Is é an sioraf an t-ainmhithe is --.
4. Is féidir leis an ostrais rith níos tapúla ná --.

D. Scríobh amach na ceisteanna do na freagraí seo a leanas:

1. Bhain sé an craiceann de agus d'ith sé é.
2. Bhí siad istigh i gcás gloine.
3. Tá sé cosúil leis an asal.
4. Chuaigh sé in airde ar dhroim na heilifinte.

E. Freagair na ceisteanna seo a leanas:

1. Cé thug na páistí go dtí an Sú?
2. Cén fáth a raibh a lán de na hainmhithe istigh i gcásanna?
3. Cén fáth nach ndeachaigh éinne cóngarach do na natharacha?
4. Cad a bhí le feiceáil san éanlann?
5. Cad a cheap na páistí faoin mbéar bán?
6. Cad a bhí ar siúl ag na róin?
7. Cad dúirt Liam faoin gcamall?
8. Cad a chonaic siad i gCúinne na bPeataí?

Gramadach 24

1. “Baineadh geit as na páistí”:

(mise, tusa, ise, eisean, sinne, sibhse, iadsan, Tomás, Cáit, an fear, an bhean.)

2. Sular fhág siad an sú thug siad aghaidh ar Chúinne na bPeataí:

Cuir isteach an fhoirm cheart de na focail idir lúibíní:

- (a) Sular (sroichim) an scoil (caithim) tamall ag bailiú sméar dubh inné.
- (b) Sular (ithim) an bricfeasta inné (ním) m'aghaidh agus mo lámha.
- (c) Sular (scríobhaim) aiste aréir, (léim) giota den leabhar.
- (d) Sular (éirim) inniu, (féachaim) amach an fhuinneog.